Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15535/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0353 (NLE)**

**ESPACE 81**
**EEE 29**
**RECH 506**
**COMPET 1172**
**IND 510**
**EU-GNSS 21**
**TRANS 551**
**AVIATION 158**
**MAR 159**
**TELECOM 403**
**MI 913**
**CSC 598**
**CSCGNSS 11**
**CSDP/PSDC 706**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 696 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Comhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 696 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 696 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.11.2025
COM(2025) 696 final

2025/0353 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Comhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is í an Iorua an comhpháirtí Spáis is dlúithe atá ag an Aontas agus tá sí rannpháirteach i bhformhór na gcomhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais[1], cé is moite de roinnt eisceachtaí lena n-áirítear comhpháirt GOVSATCOM.

An 20 Aibreán 2023 d'iarr an Iorua tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú d'fhonn a bheith rannpháirteach i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán. An 10 Nollaig 2024 d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais[2].

Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/588 maidir le Clár an Aontais um Nascacht Shlán[3] ('an Rialachán maidir le Nascacht Shlán') agus i Rialachán (AE) 2021/696 maidir le Clár Spáis an Aontais[4] ('an Rialachán maidir leis an Spás'), eagrófar rannpháirtíocht tríú tíortha i Nascacht Shlán agus in GOVSATCOM faoi seach trí chomhaontú idirnáisiúnta neamhspleách i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE.

Rannpháirtíocht na hIorua i Nascacht Shlán agus in GOVSATCOM, tabharfar i gcrích í i gcomhaontú amháin toisc go bhfuil an dá chlár fite fuaite ina chéile, ós rud é gurb é GOVSATCOM an lárionad seirbhíse le haghaidh Nascacht Shlán freisin agus toisc go bhfuil feidhm ag na coinníollacha céanna maidir le rannpháirtíocht na hIorua sa dá chlár.

Ó thaobh na geopholaitíochta de, is chun leas an Aontais rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán toisc go rannchuideoidh sí le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú mar go méadaíonn sí úsáid na Nascachta Sláine thar theorainneacha an Aontais agus go gcuirfidh sí an comhar idirnáisiúnta chun cinn freisin mar a shainmhínítear sa Straitéis Spáis don Eoraip[5]. Le Comhaontú leis an Iorua, neartaítear seasamh straitéiseach an Aontais, ar cuspóir é de Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint[6].

Is chun leas an Aontais Eorpaigh í rannpháirtíocht tríú tír amhail an Iorua, toisc go ngintear léi ioncam don Aontas Eorpach freisin trí úsáid Nascachta Sláine a mhéadú.

---

1 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, IO L 170 an 12.5.2021, lgh. 79-148.

2 Comhairle an Aontais Eorpaigh, 16060/24 ADD 1 ESPACE 106 an 11 Nollaig 2024.

3 Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

4 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

5 Straitéis Spáis don Eoraip, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2016) 705 final an 26.10.2016.

6 Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint, Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, JOIN(2023) 9 final an 10.3.2023.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an Rialachán maidir le Nascacht Shlán, tugtar an deis an Clár um Nascacht Shlán a oscailt do thríú tíortha, ar tíortha CSTE LEE iad an chéad chatagóir díobh.

Le comhaontú leis an Iorua, comhlánófar Clár an Aontais um Nascacht Shlán. Le comhaontú, déanfar Nascacht Shlán a chur chun cinn agus a neartú lasmuigh den Aontas freisin, san Fhor-Tuaisceart lena mbaineann tábhacht straitéiseach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I bhfianaise shuíomh geografach tairbhiúil na hIorua gar don réigiún Artach, tá Nascacht Shlán tábhachtach chun tacú le príomhearnálacha eacnamaíocha, go háirithe earnálacha na teileachumarsáide agus an iompair.

Le comhaontú um Nascacht Shlán leis an Iorua, rannchuideofar le roinnt tosaíochtaí den Aontas, lena n-áirítear an Comhaontú Glas, Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach, Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine agus Eoraip níos láidre sa Domhan.

I bhfianaise shuíomh geografach tairbhiúil na hIorua gar don réigiún Artach, le comhaontú, cuirfear freisin leis an tsíocháin agus leis an tslándáil agus le forbairt inbhuanaithe an Domhain.

Sa Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a ghlac an Chomhairle an 21 Márta 2022, moltar go gcuirfidh spáschórais an Aontais nascacht dhomhanda ar fáil do ghníomhaithe slándála agus cosanta. Iarrtar ann freisin ar an Aontas obair a dhéanamh ar an togra le haghaidh córas cumarsáide domhanda atá slán agus spásbhunaithe le haghaidh an Aontais Eorpaigh. Le comhaontú leis an Iorua, rannchuideofar leis an méid sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Faoi Airteagal 189(2) CFAE, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun cuspóirí Beartais Eorpaigh Spáis a bhaint amach. Beart amháin is ea comhaontuithe idirnáisiúnta um chomhar spáis a thabhairt i gcrích, amhail an comhaontú a ullmhaíodh faoin tionscnamh seo.

Foráiltear le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh lena n-údarófar síniú an chomhaontaithe agus, más gá, cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tríd an Rialachán maidir le Nascacht Shlán agus tríd an Rialachán maidir leis an Spás, cuirtear de chúram ar an Aontas réitigh cumarsáide satailíte atá athléimneach, domhanda, slán, cosanta, gan bhriseadh, ráthaithe agus solúbtha a sholáthar, bunaithe ar bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch den Aontas, chun athléimneacht oibríochtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais a mhéadú.

Ós rud é gur cláir de chuid an Aontais iad Clár an Aontais um Nascacht Shlán agus Clár Spáis an Aontais, ní féidir le Ballstáit den Aontas rannpháirtíocht tríú tíortha sa dá chlár a bhaint amach iad féin.

- **Comhréireacht agus an rogha ionstraime**

Mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le Nascacht Shlán agus sa Rialachán maidir leis an Spás, eagrófar rannpháirtíocht tríú tíortha i Nascacht Shlán agus in GOVSATCOM faoi seach trí chomhaontú idirnáisiúnta neamhspleách i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE d'fhonn cearta agus oibleagáidí a chruthú idir na páirtithe.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhailigh an Coimisiún an fhaisnéis agus an saineolas ba ghá, ina phlé le Ballstáit den Aontas freisin, lena n-áirítear an fhaisnéis agus an saineolas maidir le cearta agus oibleagáidí rannpháirtíochta tíortha nach Ballstáit den Aontas iad dá dtagraítear sa Rialachán maidir le Nascacht Shlán agus sa Rialachán maidir leis an Spás.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Rannchuideoidh an Iorua le Clár an Aontais um Nascacht Shlán agus le fo-chomhpháirt GOVSATCOM bunaithe ar a OTI, lena n-áirítear an coigeartú le haghaidh 2023-2025 i gcás Nascacht Shlán an Aontais agus le haghaidh 2021-2025 i gcás GOVSATCOM.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an tAontas agus an Iorua faireachán ar chur chun feidhme an chomhaontaithe seo trí Chomhchoiste a bhunófar faoin gComhaontú.

2025/0353 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Comhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 20 Aibreán 2023, léirigh Ríocht na hIorua a spéis fhoirmiúil tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú d'fhonn a bheith rannpháirteach i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán.

(2) An 10 Nollaig 2024 d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar a seirbhísí rialtais. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 4 Aibreán 2025.

(3) Tá comhar seanbhunaithe ag an Iorua leis an Aontas i réimse an spáis agus tá sí rannpháirteach i bhformhór na gcomhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais.

(4) Tá Comhaontú maidir leis an tSlándáil Faisnéise tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag an Iorua[7].

(5) Ó thaobh na geopholaitíochta de, le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, rannchuideofar le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus cuirfear an comhar idirnáisiúnta chun cinn mar a shainmhínítear sa Straitéis Spáis don Eoraip[8]. Le Comhaontú leis an Iorua, neartaítear seasamh straitéiseach an Aontais, ar cuspóir é de Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint[9].

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

---

[7] Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú, IO L 362, 9.12.2004, lgh. 29-32.

[8] Straitéis Spáis don Eoraip, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2016) 705 final an 26.10.2016.

[9] Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint, Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, JOIN(2023) 9 final an 10.3.2023.

(7) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar a seirbhísí (an 'Comhaontú'), faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITIS AIRGEADAIS REACHTACHA

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD

**1. AINM AN TOGRA:**

**Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gClár an Aontais um Nascacht Shlán agus i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais**

**[an Iorua, GOVSATCOM]**

**2. LÍNTE BUISÉID:**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): 6 6 0 0

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann:

*(i gcás ioncam sannta amháin):*

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim): 04 02 03.01.

**3. TIONCHAR AIRGEADAIS**

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

x Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | An tionchar ar ioncam[10][11] | Tréimhse 12 mhí dar tús 1/1/2026 *(más infheidhme)* | Bliain N |
|---|---|---|---|
| 6 6 0 0 | *1,4* | | 2026 |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | |

[10] Is gá gur meastachán, atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 5, iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n- íoctar an méid bliantúil gan laghdú ná *pro rata*.

[11] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | 2027 | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
| 6 6 0 0 | 1,9 | | | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | | |

*(I gcás ioncam sannta amháin, ar choinníoll gurb eol an líne bhuiséid cheana):*

| Líne chaiteachais[12] | 2026 | 2027 |
|---|---|---|
| 04 02 03.01 | 1,4 | 1,9 |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | |

| Líne chaiteachais | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
|---|---|---|---|---|
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

## 5. BARÚLACHA EILE

(modh/foirmle a úsáidtear chun ioncam a ríomh)

I gcás 2026 agus 2027, tá an ranníocaíocht bunaithe ar chomhéifeacht CSTE maidir le rannpháirtíocht sna cláir, ach i gcás 2021-2025 ríomhtar rannpháirtíocht chúlghabhálach bunaithe ar mhéideanna iarbhír a cuireadh chun feidhme le linn na tréimhse sin, mar a leagtar síos i gCinneadh Uimh. xx/2025 an xx 2025 ó Chomhchoiste LEE.

12 Le húsáid más gá, agus sa chás sin amháin.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD**

1. **AINM AN TOGRA:**

**COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS RÍOCHT NA hIORUA LENA LEAGTAR SÍOS NA RIALACHA MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT RÍOCHT NA hIORUA I gCLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN AGUS I gCOMHPHÁIRT GOVSATCOM DE CHLÁR SPÁIS AN AONTAIS**

**[AN IORUA, CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN]**

2. **LÍNTE BUISÉID:**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): 6 6 0 0

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann:

*(i gcás ioncam sannta amháin):*

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim): 04 01 02, 04 03 01, 13 05 01, 14 08 01.

3. **TIONCHAR AIRGEADAIS**

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

x Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | An tionchar ar ioncam[13][14] | Tréimhse 12 mhí dar tús 1/1/2026 *(más infheidhme)* | Bliain N |
|---|---|---|---|
| 6 6 0 0 | *12,5* | | 2026 |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | |

| Staid tar éis na gníomhaíochta |
|---|

13 Is gá gur meastachán, atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 5, iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n- íoctar an méid bliantúil gan laghdú ná *pro rata*.

14 I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| Líne ioncaim | 2027 | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 6 0 0 | 11,6 | | | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | | |

*(I gcás ioncam sannta amháin, ar choinníoll gurb eol an líne bhuiséid cheana):*

| Líne chaiteachais[15] | 2026 | 2027 |
|---|---|---|
| 04 01 02 | 0,01 | 0,01 |
| 04 03 01 | 5,2 | 7,6 |
| 13 05 01 | 5,7 | 3,3 |
| 14 08 01 | 1,7 | 0,8 |

| Líne chaiteachais | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
|---|---|---|---|---|
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

## 5. BARÚLACHA EILE

(modh/foirmle a úsáidtear chun ioncam a ríomh)

I gcás 2026 agus 2027, tá an ranníocaíocht bunaithe ar chomhéifeacht CSTE maidir le rannpháirtíocht sna cláir, ach i gcás 2023-2025 ríomhtar rannpháirtíocht chúlghabhálach bunaithe ar mhéideanna iarbhír a cuireadh chun feidhme le linn na tréimhse sin, mar a leagtar síos i gCinneadh Uimh. xx/2025 an xx 2025 ó Chomhchoiste LEE.

15 Le húsáid más gá, agus sa chás sin amháin.